West Limerick Resources

Review of the National Rural Development Programme 2000-2006

Athbhreithniú ar an gAn Clár Náisiúnta Forbartha Tuaithe 2000-2006

West Limerick Resources

West Limerick Resources Geographical Area

Limistéar Acmhainní Iarthar Luimnigh



Contents
Clár

Chairpersons Address
Teachtaireacht an chathaoirligh 2

Welcome
Fáilte 4

West Limerick Community Radio
Raidió Pobail Iarthar Luimnigh
West Limerick 102FM 6

Loughill Resource Centre
Ionad Acmhainní Loughill 7

Glin Town Park
Páirc Phoiblí an Ghleanna 8

Great Southern Trail
Mórbhealach an Deiscirt 8

Jamie Sheehan – Mirrorcoles 9

West Limerick Life & Lore
Saol agus Seanchas Iarthar Luimnigh 10

Croagh School of Music
Scoil Cheoil Chróch 10

Summary of Projects 2002-2006
Achoimre ar Thionscadail 2002-2006 11

McMahon Eco Fuels Ltd 23

Limerick Clare Energy Agency 24

Cremin Farm Compost Ltd 25

Kilcornan Karting 26

Combat Zone Paintball Games Ltd 26

Joe Hogan – Miscanthus Production
Joe Hogan – Táirgeadh Miscanthus 27

Curraghchase Free Range Pork 28

Cahill's Farm Cheese Ltd 29

Transnational Project to Scotland: Youth Performing Arts
Tionscadal Trasnáisiúnta go hAlbain: Ealaíona Taibhiúcháin na n-Óg 30

Templeglantine Comhaltas – Music Bank
Comhaltas Theampall an Ghleanntáin – Music Bank 30

West Limerick/Dorset Radio Transnational 31

Newcastle West & District Chamber of Commerce 32

West Limerick Resources

Chairpersons Address

As Chairwoman of West Limerick Resources Ltd., I am honoured to present this review of the National Rural Development Programme for the period 2000 – 2006.

The National Rural Development Programme is just one of many programmes administered by our company that aims to achieve positive change in the lives of people and groups in West Limerick.

Other programmes administered by our company include the Local Development Social Inclusion Programme, the Rural Social Scheme, the Rural Employment Service, the FAS Jobs Club, the Millennium Partnership Fund, the MILAT Programme, the Migrant Support programme and the Volunteer Support Programme. On your behalf and on behalf of the Board of West Limerick Resources Ltd., I would like to thank our present manager Shay Riordan and former managers John Gallagher and Brenda Cahill for the successful parts they played in securing these programmes. I would also like to commend former chairmen, Sean Liston of Knockaderry Community Council, John Fitzgerald of Golden Vale/IBEC and Willie O'Regan of Teagasc. Their work has ensured that today West Limerick Resources Ltd is a successful rural partnership company that has advanced its mission of building a strong and inclusive community in West Limerick. All this, however, would not have been possible without our dedicated support staff and I would equally like to thank them, both past and present, for their tireless work in researching, preparing submissions and administering programmes for the benefit of our community.

The Board of Directors, that run our company today, comprises first and foremost of the Community Sector with voluntary representatives from the Newcastle West, Estuary, Abbeyfeale and Rathkeale areas; the statutory sector with representatives from FÁS, Shannon Development, the County Enterprise Board, the Department of Social and Family Affairs, the County Development Board, Teagasc and the Mid Western Health Board; The public representative sector from Limerick County Council; and the Social Partnership sector with representatives from IBEC, ICTU, Social Issues and the Agricultural Sector. I would like to thank all my present colleagues on the board of West Limerick Resources, the Project Appraisal Committee and members past for their genuine interest, shared expertise, time, commitment and vision in ensuring our company is strategically placed going forward.

I would also like to thank a group of people to whom West Limerick Resources Ltd owe a great debt of gratitude. They spent endless nights drawing up plans, consulting communities etc. They focused on ensuring that our area of West Limerick, which had lost out on Leader I funding, would not lose out on Leader II (now known as the NRDP). This group of people, that put the proposal together over 10 years ago, consisted of representatives from the statutory and social partnership groups mentioned above and gave over and above of their roles at the time. This was nothing compared to the contribution made by voluntary community representatives at the time who provided the substance necessary to ensure our area of West Limerick was successful in securing Leader II funding. Thank you all for your vision and endurance.

Our company of West Limerick Resources has achieved a lot and now we are entering a time of great opportunity with more funding and programmes available than ever before. To achieve real value for money however I believe we need to stay mindful that it is the community that is best placed to put forward its own needs and that it will always be us the community who will provide the answer to our local development. To this end we will be setting up working groups in various areas, producing booklets on funding available and endeavouring to keep the community of West Limerick updated on what we can do for you. I welcome your views on the work of the company and I would like individuals, the community and interest groups to contact us if you have plans for the future, are interested in becoming involved in the company or just require information about funding or support available. West Limerick was founded to and is there to support you.

Mary Quaid

Mar Chathaoirleach ar West Limerick Resources Ltd., is mór an onóir dom an t-athbhreithniú seo ar an gClár Náisiúnta Forbartha Tuaithe don tréimhse 2000 - 2006 a chur i láthair.

Tá an Clár Náisiúnta Forbartha Tuaithe ar cheann amháin de go leor clár arna riaradh ag ár gcuideachta a bhfuil mar aidhm aige athrú dearfach i saol daoine agus grúpaí in Iarthar Luimnigh a bhaint amach.

Teachtaireacht an Chathaoirligh

Áirítear ar chláir eile a riarann ár gcuideachta an Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta Forbartha Áitiúil, Scéim Shóisialta na Tuaithe, Seirbhís Fhostaíochta na Tuaithe, Club Jabanna FÁS, Ciste Comhpháirtíochta na Mílaoise, an Clár MILAT, clár Tacaíochta d'Imircigh agus an Clár Tacaíochta Deonach. Thar do cheannsa agus thar ceann Bhord West Limerick Resources Ltd., ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mbainisteoir atá againn faoi láthair, Shay Riordan agus leis na bainisteoirí a bhí againn cheana, John Gallagher agus Brenda Cahill as chomh maith is ar éirigh leo na cláir sin a fháil. Ba mhaith liom na hiar-chathaoirligh a mholadh chomh maith; Sean Liston ó Chomhairle Phobail Chnoc an Doire, John Fitzgerald ó Golden Vale/IBEC agus Willie O'Regan ó Theagasc. Chinntigh a gcuid oibre gur cuideachta compháirtíochta tuaithe rathúil atá i West Limerick Resources Ltd a bhfuil dul chun cinn déanta aici ó thaobh a misean de phobal láidir agus uilechuimsitheach a thógáil in Iarthar Luimnigh. Ní fhéadfaí an méid sin uile a bhaint amach gan ár bhfoireann tacaíochta tiomanta, áfach, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo, freisin, idir dhaoine atá ann anois agus a bhí ann cheana, as a gcuid oibre tiomanta maidir le taighde, aighneachtaí a ullmhú agus cláir a riaradh chun leasa ár bpobail.

Tá an Bord Stiúrthóirí a reáchtálann ár gcuideachta inniu comhdhéanta ar dtús den Earnáil Phobail le hionadaithe deonacha ó cheantair an Chaisleáin Nua Thiar, an Inbhir, Mhainistir na Féile agus and Ráth Caola; an earnáil reachtúil le hionadaithe ó FÁS, ó Fhorbairt na Sionna, ón mBord Fiontair Contae, ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, ón mBord Forbartha Contae, Teagasc agus ó Bhord Sláinte an Mheán-Iarthair; earnáil na n-ionadaithe poiblí ó Chomhairle Chontae Luimnigh; agus an earnáil Comhpháirtíochta le hionadaithe ó IBEC, ICTU, Social Issues agus an earnáil Talmhaíochta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe reatha go léir ar bhord West Limerick Resources, ar Choiste Measúnaithe an Tionscadail agus le comhaltaí a bhí ann cheana as an bhfíor-spéis a léirigh siad agus as a gcuid saineolais, ama, tiomantais agus físe a roinnt maidir lena chinntiú go mbeadh ár gcuideachta suite go straitéiseach agus í ag tabhairt aghaidh ar an todhchaí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le grúpa daoine a bhfuil West Limerick Resources Ltd go mór faoina gcomaoin. Is iomaí oíche a chaith siad ag leagan amach pleananna, ag dul i dteagmháil le pobail, srl. Dhírigh siad ar a chinntiú nach gcaillfeadh ár gceantar, Luimneach Thiar, amach ar Leader II (ar a dtugtar an NRDP anois), mar a chailleamar amach ar mhaoiniú Leader I. Bhí an grúpa daoine sin, a chuir an togra le chéile breis agus 10 bliain ó shin, comhdhéanta d'ionadaithe ó na grúpaí reachtúla agus comhpháirtíochta a luadh thuas agus rinne siad i bhfad níos mó ná mar a d'éiligh a gcuid rólanna ag an am. Ní tada sin le hais an méid a rinne ionadaithe pobail dheonacha ag an am, a sholáthair an bunús riachtanach lena chinntiú go n-éireodh lenár gceantar, Luimneach Thiar, maoiniú Leader II a fháil. Go raibh maith agaibh as bhur gcuid físe agus seasmhachta.

Tá go leor leor bainte amach ag ár gcuideachta, West Limerick Resources, agus táimid ag tosú amach anois ar thréimhse lán le deiseanna, le níos mó maoinithe agus clár ar fáil ná mar a bhí riamh cheana. Chun fíor luach ar airgead a bhaint amach, áfach, creidim go mbeidh orainn a mheabhrú i gcónaí gurb é an pobal is fearr a bhíonn in ann a riachtanais a féin a léiriú agus gur muid féin, an pobal, i gcónaí a sholáthróidh an freagra ar ár bhforbairt áitiúil. Chuige sin, beimid ag cur grúpaí oibre ar bun i gceantair éagsúla, beimid ag cur amach leabhráin faoin maoiniú atá ar fáil agus déanfaimid iarracht pobal Luimnigh Thiar a choimeád cothrom le dáta maidir leis an méid atáimid in ann a dhéanamh duitse. Fáiltím roimh do thuairimí ar obair na cuideachta agus is mian liom go ndéanfaidh daoine aonair, an pobal agus grúpaí leasa teagmháil linn má bhíonn pleananna agat don todhchaí, má bhíonn spéis agat a bheith páirteach sa chuideachta nó má tá eolas uait faoin maoiniú nó tacaíocht atá ar fáil. Bunaíodh West Limerick chun tacú leat agus déanfaidh sé amhlaidh.

Mary Quaid

Welcome

This report aims to provide a brief insight into the wide range of activity that has taken place in West Limerick over the duration of the National Rural Development Programme 2000-2006. It always proves a challenge for us to provide information and updates as to progress being made to the general public in West Limerick and we hope that this report manages to relay a sense of the significant achievements that have been made under the NRDP. Over the lifetime of the Programme we have seen and experienced significant changes and I believe we will continue to see change as a key feature of our work going forward. With change comes opportunity and it is how we as a Rural Development Organisation and as a broader community react to this change and make the most of the opportunities that present themselves is what is important and will shape the future of our area.

Internally as an organisation we have seen changes in the management and staff of the organisation with people departing to pursue other interests. From a West Limerick perspective we have seen the continued re-structuring of our rural communities with changes in farming taking place and increasing pressures for development of housing in many of our smaller towns and villages. The complete wind down of the Poultry processing sector and the increasing numbers of Migrant Workers choosing to live and work in our area would have been hard to envisage when preparing for the current programme in 1999 / 2000. The whole area of Environmentally Friendly initiatives and energy usage and production has emerged as a key area of concentration with many local individuals and businesses already identifying opportunities.

As you will see from this report there are already many examples of excellent projects undertaken by people in West Limerick ranging from Wood Briquette production and Commercial Composting to Miscanthus Growing and Poultry Bio-Mass Heat production, from Community Centre Building and extensions to the School of Music, from Free Range Pork and Farm House Cheese to Farmers Markets and Walking trails to community broadcasting to mention only a few!

I would like to thank all the members of the Board especially our former Chairperson Willie O'Regan and recently appointed Chairperson Mary Quaid for their continued support and giving of their time. Also thanks to all the Staff in WLR whose commitment and energy has helped make this Programme such a success.

Finally, as we look forward to the next programme, WLR have already commenced the process of preparing a new Rural Development Plan for the period 2007-2013 with a view to securing resources for the West Limerick area. We would very much welcome input into this Plan by individuals, communities and businesses so we can ensure the next programme is as relevant to needs of the West Limerick area as possible and would encourage you to make contact with us.

I hope you enjoy this report and that it demonstrates the level of activity that has taken place under the National Rural Development Programme 2000-2006.

Shay Riordan
Manager

Fáilte

Is é aidhm na tuarascála seo léargas gearr a thabhairt ar an raon leathan gníomhaíochtaí a tharla i Luimneach Thiar thar thréimhse an Chláir Náisiúnta Forbartha Tuaithe 2000-2006. Is dúshlán i gcónaí dúinn é eolas agus nuashonruithe a thabhairt maidir leis an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne in Iarthar Luimnigh agus tá súil againn go n-éireoidh leis an tuarascáil seo blas de na gnóthachtálacha suntasacha a rinneadh faoin NRDP a chur in iúl. Thar shaolré an chláir chonacamar agus chuamar trí athruithe suntasacha agus creidim go bhfeicfimid athrú mar phríomhghné leanúnach dár gcuid oibre amach anseo. Tagann deiseanna le hathrú agus is í an tslí a bhfreagróimid don athrú seo, agus an tslí a mbainfimid leas as na deiseanna a thiocfaidh chun cinn, mar Eagraíocht Forbartha Tuaithe agus mar phobal níos leithne, an rud atá tábhachtach agus an rud a mbeidh tionchar aige ar thodhchaí ár gceantair.

Tá athruithe feicthe go hinmheánach againn mar eagraíocht, athruithe ar bhainistíocht agus ar fhoireann na heagraíochta, agus daoine ag fágáil chun tabhairt faoi leasanna eile. Ó pheirspictíocht Iarthar Luimnigh chonacamar athstruchtúrú leanúnach ar ár bpobail thuaithe, le hathruithe tagtha ar fheirmeoireacht agus níos mó brú maidir le tithíocht a fhorbairt in go leor dár mbailte níos lú agus dár sráidbhailte. Bheadh sé deacair a shamhlú, agus sinn ag pleanáil don chlár reatha i 1999/2000, an meath iomlán a tháinig ar an earnáil próiseála éanlaithe clóis agus an líon atá ag fás d'oibreoirí imirceacha atá ag roghnú cur fúthu agus oibriú sa cheantar sin againne. Tá an réimse iomlán de thionscnaimh a oireann don chomhshaol agus d'úsáid agus táirgeadh fuinnimh tar éis teacht chun cinn mar phríomhréimse dlúis, agus tá deiseanna á n-aithint ag go leor daoine aonair áitiúla agus gnólachta cheana féin.

Mar a fheicfidh tú ón tuarascáil seo, tá go leor samplaí ann cheana féin de thionscadail den scoth ar thug daoine in Iarthar Luimnigh fúthu, ó tháirgeadh Bhrícíní Adhmaid agus Múiríniú Tráchtála go dtí Miscanthus a Fhás agus táirgeadh Teasa Bithmhaise Éanlaithe Clóis, ó Ionaid Phobail agus Sínte a Thógáil go dtí Scoileanna Ceoil, ó Mhuiceoil Saor Raoin agus Cáis Feirme go dtí Margaí Feirmeoirí agus Siúlóidí go dtí craoltóireacht phobail, gan ach roinnt acu a lua!

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le ach comhalta den Bhord, go háirithe ár n-iar-chathaoirleach, Willie O'Regan, agus an Cathaoirleach a ceapadh le déanaí, Mary Quaid, as a dtacaíocht leanúnach agus as a gcuid ama a roinnt. Buíochas leis an bhFoireann go léir i WLR freisin, ar chabhraigh a dtiomantas agus a bhfuinneamh le rathúnas an Chláir seo.

Ar deireadh, agus sinn ag féachaint ar aghaidh go dtí an chéad chlár eile, tá tús curtha ag WLR cheana féin ar an bpróiseas maidir le Plean Forbartha Tuaithe nua a ullmhú don tréimhse 2007-2013 le súil agus acmhainní a dheimhniú do cheantar Iarthair Luimnigh. Chuirfimis fáilte mhór roimh ionchur sa Phlean seo ó dhaoine aonair, ó phobail agus ó ghnólachtaí, le gur féidir linn a chinntiú go mbeidh an chéad chlár eile chomh ábhartha do riachtanais cheantar Iarthair Luimnigh agus is féidir, agus iarraimid ort teagmháil a dhéanamh linn.

Tá súil agam go mbainfidh tú sult as an tuarascáil seo agus go léireoidh sí an leibhéal gníomhaíochta a tharla faoin gClár Náisiúnta Forbartha Tuaithe 2000-2006.

Shay Riordan
Bainisteoir

West Limerick Community Radio

West Limerick Resources supported and assisted a group of individuals to make a successful application to the Broadcasting Commission of Ireland for a Community Sound Broadcasting Licence for the West Limerick area. As a community development organisation, West Limerick Resources believed that a community radio service had the potential to enhance the social and cultural lives of individuals and communities in West Limerick as a Community Radio Service it encourages discussion and debate on issues that affect the lives of the people in West Limerick and can play a significant role in strengthening the economic, social and cultural fabric of the area.

After successfully undertaking a pilot service the BCI granted a full Community Sound Broadcasting Licence for the West Limerick Area in June 2004. This was made possible through technical, training, capital and staff support provided by West Limerick Resources under the National Rural Development Programme.

West Limerick 102FM commenced broadcasting on the 6th May, 2005 and has the largest geographical franchise for a Community Radio in Ireland. The Community Radio presently has a core staff of 6 employees supported by up to 60 volunteers. The main broadcasting studio is based in Newcastle West with two outreach studios in Rathkeale and Abbeyfeale.

Community Radio provides a wonderful opportunity for all individuals/communities in the West Limerick area to air their views and debate the local and national issues that affect their lives. The Community Radio is a not for profit community service and its development and day to day broadcasting would not be possible without the large number of dedicated and hardworking volunteers.

West Limerick 102FM

Enterprise Centre,
Sheehans Road,
Newcastle West,
Co. Limerick

T: 069 66200
M: 087-277 9933
contact@westlimerick102.ie
www.westlimerick102.ie

Raidió Pobail Iarthar Luimnigh

Thug Acmhainní Iarthair Luimnigh tacaíocht agus cúnamh do ghrúpa daoine maidir le hiarratas a chur go dtí Coimisiún Craolacháin na hÉireann, ag iarraidh Ceadúnas Craolacháin Pobail a fháil d'Iarthar Luimnigh, iarratas ar éirigh leis. Chreid Acmhainní Iarthair Luimnigh, mar eagraíocht forbartha pobail, go bhféadfadh seirbhís raidió phobail cur go mór le saol sóisialta agus cultúrtha an duine aonair agus an phobail i gcoitinne in Iarthar Luimnigh toisc go spreagann Seirbhís Raidió Pobail cur agus cúiteamh ar cheisteanna a mbíonn tionchar acu ar shaol na ndaoine in Iarthar Luimnigh agus go bhféadfadh sé, leis, ról nach beag a bheith aige maidir le cúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha a neartú.

Tar éis dóibh tabhairt faoi sheirbhís thrialach, cheadaigh CCÉ Ceadúnas Craolacháin Pobail iomlán i gcás Cheantar Iarthar Luimnigh i Meitheamh 2004. A bhuíochas sin ag dul do thacaíocht theicniúil, oiliúna, chaipitil agus foirne a fuarthas ó Acmhainní Iarthair Luimnigh faoin gClár Náisiúnta Forbartha Tuaithe.

Thosaigh West Limerick 102FM ag craoladh an 6 Bealtaine, 2005 agus is acu atá an saincheadúnas geografach is mó i gcás Raidió Pobail in Éirinn. Tá seisear ar an bhfoireann chroíláir i láthair na huaire agus tá 60 oibrí deonach ag tacú leo. Tá an príomhstiúideo craolacháin bunaithe sa Chaisleán Nua agus tá dhá stiúideo for-rochtana i Ráth Caola agus i Mainistir na Féile.

Is iontach an deis é don uile dhuine/phobal in Iarthar Luimnigh a bheith ábalta a gcuid tuairimí a chur in iúl agus ceisteanna áitiúla agus náisiúnta a mbíonn tionchar acu ar a saoil a phlé ar Raidió Pobail. Ní ar mhaithe le brabúis a bunaíodh seirbhís an Raidió Pobail agus gan an líon mór oibrithe deonacha a bhíonn ag obair go dian dícheallach ní fhéadfaí í a fhorbairt ná a bheith ag craoladh ó lá go lá.

Loughill Resource Centre

Since the beginning of 2006, the pretty village of Loughill has become home to the first environmentally friendly community facility in the West Limerick area thanks to technical and financial support from West Limerick Resources and also due to the foresight and hard work of Loughill Development Association.

Up until 2005, Loughill did not have a community facility to meet the needs of the local community. The Development Association set about sourcing a site and developing plans for a new community facility. At the suggestion of West Limerick Resources, the Development Association were encouraged to investigate the possibility of using renewable energy technology in the new community centre. After undertaking some research the association opted to use a timber frame structure along with geo-thermal heat pumps. In its design and size the new facility meets the needs of the community and its population.

Since opening its doors, the new centre which fits snugly within the village is used by a variety of local groups and organisations as well as for a variety of activities from set dancing to card nights. Thanks to the work of the local community, the facility is debt free and its running costs are a fraction of those of traditional community centres due to the energy efficient technology utilised.

Ionad Acmhainní Loughill

Ó thosach na bliana 2006, tá saoráid phobail a oireann don chomhshaol lonnaithe i sráidbhaile bhreá Loughill, an chéad áis dá leithéid i gceantar Iarthair Luimnigh, a bhuíochas sin do thacaíocht theicniúil agus airgeadais a fuarthas ó Acmhainní Iarthar Luimnigh agus a bhuíochas, leis do shár-obair agus d'fhadbhreathnaitheacht Chumann Forbartha Loughill.

Ní raibh saoráid phobail i Loughill, roimh 2005, chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil. Chuaigh an Cumann Forbartha i mbun oibre, iad ag iarraidh teacht suas le suíomh agus iad ag iarraidh pleananna a fhorbairt maidir le saoráid nua phobail. Ar chomhairle ó Acmhainní Iarthair Luimnigh, moladh don Chumann Forbartha féachaint a bhféadfaí teicneolaíocht an fhuinnimh in-athnuaite a úsáid san ionad pobail nua. Tar éis dóibh roinnt taighde a dhéanamh, bheartaigh an cumann struchtúr adhmaid a úsáid mar fhráma agus teaschaidéil gheoiteirmeacha a úsáid chomh maith. I gcás dearadh agus méid na forbartha, freastalaíonn an t-ionad nua ar riachtanais an phobail.

Ó osclaíodh é , tá an t-ionad, a luíonn go deas isteach leis an sráidbhaile, á úsáid ag grúpaí agus ag eagraíochtaí áitiúla éagsúla agus bíonn réimse de ghníomhaíochtaí ar siúl ann, rince seite agus oícheanta cártaí ina measc. Níl aon fhiacha ar an ionad, a bhuíochas sin do shár-obair an phobail áitiúil, agus is beag an costas a ghabhann le é a choimeád ag imeacht, ní hionann agus gnáth ionaid phobail eile, a bhuíochas sin don teicneolaíocht éifeachtúil fuinneamh atá á úsáid ann.

Glin Town Park
Páirc Phoiblí an Ghleanna

The picturesque village of Glin located along the scenic N69 coast road has an ideally located town park which looks out over the Estuary, has ample car parking and is adjacent to the tennis courts. The local community development association recognised the necessity to upgrade the town park to make it more user friendly as a recreational area both by the local community and by tourists and visitors. With financial support from West Limerick Resources, Glin Development Association were able to engage a landscape gardener to plant trees and shrubs and put in place new pathways, lighting, bollards and seating.

Following the success of this project, the group now have plans to further develop the town park and riverside area.

Is sráidbhaile álainn é An Gleann atá suite ar an N69, bóthar scéimhe cois cósta agus is breá an áit atá an pháirc phoiblí lonnaithe, ag féachaint amach ar an Inbhear, agus tá go leor spáis ann do ghluaisteáin agus í le hais na gcúirteanna leadóige. D'aithin an cumann forbartha pobail áitiúil go raibh sé riachtanach uasghrádú a dhéanamh ar an bpáirc phoiblí chun go mbeadh sí níos áisiúla mar áit áineasa don phobal áitiúil agus do chuairteoirí araon. Agus tacaíocht airgeadais faighte acu ó Acmhainní Iarthair Luimnigh, bhí sé ar chumas Chumann Forbartha an Ghleanna garraíodóir tírdhreacha a fhostú chun crainn agus toir a chur agus cosáin nua a leagan síos chomh maith le soilsiú, mullaird agus suíocháin nua.

Toisc gur éirigh chomh maith sin leis an tionscadal, tá sé ar intinn anois ag an ngrúpa breis forbartha a dhéanamh ar an bpáirc phoiblí agus ar an gceantar cois abhann.

Great Southern Trail
Mórbhealach an Deiscirt

The Great Southern Trail is a unique 53 mile stretch of countryside in West Limerick/North Kerry. It was the route taken by the Limerick-Tralee railway line which opened in 1867 and closed in 1977.

GST Ltd, a local voluntary group recognised the value of this natural resource within the West Limerick area and the potential to develop this resource for an alternative use, while also preserving the natural history and local heritage associated with the railway line. With the support of West Limerick Resources, they have developed a number of sections of the old railway line into public walks, the longest of which runs from Abbeyfeale through Templeglantine to Barnagh. They have also developed a walk from Newcastle West to Ardagh and another walk at Barnagh Tunnel. The group is very conscious of the needs of those with disabilities and have as one their objectives that all the walking routes will eventually be disability accessible. The group has linked with local CE Schemes and the Rural Social Scheme to help maintain these walks.

The Secretary, Great Southern Trail,
Gortbui, Newcastle West,
Co. Limerick

T: 069 62597
info@southerntrail.net
www.southerntrail.net

Is stráice de cheantar tuaithe suaithinseach é Mórbhealach an Deiscirt a shíneann 53 míle idir ceantar Iarthar Luimnigh/Chiarraí Thuaidh. B'é sin an bealach a lean bóthar iarainn Luimnigh-Thrá Lí tráth, a osclaíodh i 1867 agus a dúnadh arís i 1977.

D'aithin GST Ltd, grúpa deonach áitiúil, an fiúntas a bhain leis an acmhainn nádúrtha sin i gcás cheantar Iarthar Luimnigh agus d'aithin siad, leis, an acmhainneacht a bheadh inti chun úsáid eile a bhaint aisti, agus ag an am gcéanna go mbeadh stair an dúlra agus oidhreacht áitiúil an bhóthair iarainn á gcaomhnú. Le tacaíocht ó Acmhainní Iarthair Luimnigh tá slite siúlóide poiblí forbartha acu le hais roinnt stráicí den bhóthar iarainn, an ceann is sia acu sin ag dul ó Mhainistir na Féile, trí Theampall an Ghleanntáin, chomh fada le Barnagh. Tá slí siúlóide forbartha acu chomh maith ón gCaisleán Nua go hArdach agus ceann eile ag Tollán Barnagh. Tá an grúpa an-aireach faoi riachtanais na ndaoine atá faoi mhí-chumas agus is é ceann de na cuspóirí atá acu ná go mbeadh na slite siúlóide go léir curtha in oiriúint amach anseo do dhaoine faoi mhíchumas. Tá an grúpa ag oibriú go dlúth le Scéimeanna CE áitiúla agus leis an Scéim Sóisialta Tuaithe chun na slite siúlóide sin a chothabháil.

Jamie Sheehan is a part-time farmer from Templeglantine. Due to the decline in farming, he recognised the need to diversify and develop another sources of income. About five years ago, he started working part-time with his uncle who runs a successful decorative glass business. Through the training and knowledge he received from his uncle, Jamie recognised that he had the aptitude and artistic eye required to develop his own niche business in this sector.

Jamie Sheehan—Mirrorcoles

Jamie decided to specialise in two areas – original stained glass and the design and production of decorative glass products with an emphasis on quality finish and imaginative design. He attended a number of classes in glass painting and glass fusion to develop his skills further.

Jamie Sheehan
Mirrorcoles
Mount Courtenay,
Templeglantine,
Co. Limerick

T: 069 84047/087 6229348

With the support of West Limerick Resources in the form of grant aid, Jamie set about converting an old stone building on the farm for use as a workspace and showroom as well as purchasing specialised equipment. While just over a year in business, Jamie is happy with the way in which the business has developed as he can easily combine it with working on the farm due to the fact that his workshop is located on the farm.

Is feirmeoir páirtaimseartha é Jamie Sheehan ó Theampall an Ghleanntáin. De dheasca an mheatha a tháinig ar an bhfeirmeoireacht, thuig sé go mbeadh sé riachtanach dul ar mhalairt treo agus foinsí ioncaim eile a fhorbairt. Tuairim is cúig bliana ó shin, thosaigh sé ag obair go páirtaimseartha lena uncail, fear a bhfuil gnólacht gloine ornáideach á rith aige, agus tá ag éirí go maith leis. Mar gheall ar an oiliúint agus an t-eolas a bhailigh sé óna uncail, thuig Jamie go raibh an inniúlacht agus an cumas ealaíne ann a bheadh riachtanach chun a ghnólacht nideoige féin a thosú san earnáil sin.



Bheartaigh Jamie go ndíreodh sé ar dhá réimse faoi leith – gloine dhaite úrnua agus dearadh agus táirgeadh earraí gloine ornáideacha le béim ar chríochnúlacht den scoth agus béim, leis, ar dhearadh cruthaitheach. D'fhreastail sé ar roinnt ranganna péinteála ghloine agus comhleá gloine chun cur lena chuid scileanna.

Le deontas ó Acmhainní Iarthair Luimnigh, chuaigh Jamie i mbun oibre chun seanfhoirgneamh cloiche ar an bhfeirm a athchóiriú agus a chur i bhfearas mar cheardlann agus mar sheomra taispeántais agus cheannaigh sé trealamh ar leith chomh maith. Ag é i mbun gnó le os cionn bliana anuas, tá Jamie sásta leis an bhforbairt atá tagtha ar an ngnólacht toisc gur furasta do oibriú ar an bhfeirm ina theannta sin, mar gurb ann atá an ceardlann.

West Limerick Life & Lore

Saol agus Seanchas Iarthar Luimnigh

Abbeyfeale Historical Society recognised the need to preserve the rich oral and cultural history of the West Limerick area by recording its stories, music, song, dance and history. With the support of West Limerick Resources, the knowledge of the Abbeyfeale Historical Society and the participation of local people in communities from Abbeyfeale to Castlemahon and from Ballyhahill to Monagea, a media professional was commissioned to undertake the work. The result is a unique collection of over 40 CDs featuring local individuals and families. The full collection is housed in the Library in Abbeyfeale and is available to members of the public.

D'aithin Cumann Staire Mhainistir na Féile an gá a bhí le saibhreas béaloidis agus saibhreas stair chultúrtha Iarthar Luimnigh a chaomhnú trí thaifeadadh a dhéanamh ar scéalta, ar cheol, ar amhráin, ar rince agus ar stair na háite. Le tacaíocht ó Acmhainní Iarthair Luimnigh, le cuir amach Chumann Staire Mhainistir na Féile agus le rannpháirtíocht mhuintir na háite idir Mainistir na Féile agus Castlemahon agus idir Baile Dhá Thuile agus Monagea, rinneadh coimisiúnú ar proitisúnach na meáin chumarsaide chun tabhairt faoin obair sin. Bailiúchán suaithinseach de 40 dlúthdhiosca agus os a chionn, ar a bhfuil daoine áitiúla agus teaghlaigh áitiúla, an toradh a bhí air sin ar fad. Tá an bailiúchán iomlán ar coimeád sa Leabharlann i Mainistir na Féile agus é ar fáil don phobal.

Croagh School of Music Scoil Cheoil Chróch

Croagh School of Music
Croagh
Co. Limerick

T: 069 64553/087 9163368
info@croaghmusicschool.com
www.croaghsmusicschool.com

In 2000, Marion Giltenane and Darren Murphy established the Croagh School of Music. Both Marion and Darren are highly qualified and accomplished musicians and teachers. They started with 60 students in 2000 and this had grown to 180 students by 2004. During this period, they were working from prefabricated buildings. Due to the shortage of space, they were restricted in the number of pupils they could facilitate.

In order to continue to grow their business, they recognised the need to develop a purpose built music school and performing arts space and with the support of West Limerick Resources, these young entrepreneurs were able to realize that ambition. In 2006, this modern facility opened its doors and now caters for approximately 450 students. Over time, the aim of Croagh School of Music is to provide the people of West Limerick with an opportunity to experience participatory music making, greater access to music and the arts and to highlight community music as a vibrant and dynamic force for all.

Sa bhliain 2000, bhunaigh Marion Giltenane agus Darren Murphy Scoil Cheoil Chróch. Is ceoltóirí agus múinteoirí an-chumasacha agus an-oilte iad beirt. Thosaigh siad amach sa bhliain 2000 agus 60 mac léinn faoina gcúram acu agus faoin mbliain 2004 bhí 180 mac léinn á múineadh acu. I gcaitheamh an ama sin, is i bhfoirgnimh réamhdhéanta a bhíodh na ranganna. Mar gheall ar an gceal spáis a bhí acu, ní fhéadfaidís ach líon áirithe mac léinn a thógaint sa turas.

D'fhonn cur lena ngnó, thuig siad go mbeadh sé riachtanach scoil cheoil saindhéanta a fhorbairt agus spás ann d'ealaíona taibhiúcháin agus le tacaíocht ó Acmhainní Iarthair Luimnigh, bhí na fiontraithe óga sin ábalta an méid sin a thabhairt chun críche. I 2006, osclaíodh an t-ionad nua sin agus áis ann do thuairim is 450 mac léinn. Is é a bheidh mar aidhm, in imeacht ama, ag Scoil Cheoil Chróch ná deis a thabhairt do mhuintir Iarthar Luimnigh a bheith ag seinm ceoil, teacht níos mó a bheith acu ar an gceol agus ar na healaíona agus a chur ina luí ar dhaoine gur ábhar beo, bríomhar, fuinniúil é ceol don phobal.

Summary of Projects - National Rural Development Programme 2002-2006

Achoimre ar Thionscadail - Clár Náisiúnta Forbartha Tuaithe 2002-2006

Summary of Projects - National Rural Development Programme 2002-2006

Measure	Project Description	Funding
Training		
Project Name		
West Limerick Resources – Training for B&B Providers	Training in Food Hygiene for B&B Providers	2,426.60
West Limerick Festivals	Facilitated Training Sessions	1,760.00
Kathleen O' Shaughnessy	Diploma in Rural Development	3,591.00
Hazelwood College Transition Programme	Work Experience Training Programme	1,350.00
Pathfinders Agric. Discussion Group	Personal Development Training Programme	2,286.00
Community Radio Training	Media & Communications Training Programme for Volunteers	40,000.00
Women in Business Network – Newcastle West	Network Training Development Programme	2,500.00
West Limerick Resources – Renewable Energy Training	Renewable Energy Training Course for Farmers	5,368.00
Business Development Group NCW	Group Training Sessions to develop NCW & District Chamber of Commerce	1,000.00
West Limerick Resources – Agri–Tourism Seminar	Information Training Session on Agri Tourism	470.00
Patrickswell Community Council	Facilitation Training Programme	5,000.00
West Limerick Resources Ltd – Community Radio	Training for Volunteer Board Members of Community Radio	20,000.00
Kevin Dore	Diploma in Rural Development	3,920.00
West Limerick Resources – Tourism Training	Training in Marketing for Small Tourism Enterprise	10,500.00
Eimear Kelly	Diploma in Rural Development	5,600.00
Kathleen O' Shaughnessy	Degree in Rural Development	2,240.00
Castleside Macra Na Feirme	Personal Development Training Programme	540.00
West Limerick Resources – Tourism Training	Tourism Training Programme for New Entrants to Tourism Industry	16,200.00
West Limerick Resources –Community Radio Training	Media & Communications Training Programme for Volunteers	36,250.00
West Limerick Resources – Farmers Markets	Training in the Development of Farmers Markets	576.00
West Limerick Resources – Tourism Training	Training Course on Internet Marketing for Small Tourism Enterprise	2,480.00
West Limerick Resources – Familiarisation Training	Training for Staff of Tourist Offices/Tourist Information Point	800.00
West Limerick Resources – Youth Training Programme	Askeaton Youth Developmental Arts Training Programme	6,034.29
West Limerick Resources – Food Hygiene	Primary Food Hygiene Training Programmes	2,200.00
West Limerick Resources – Business Training	Start Up Business Training Programme	10,000.00
West Limerick Resources – Tourism Training Programme	Customer Care Training Programme	1,500.00
Caroline Rigney	Food Production Training Course	1,500.00
Biomass Heating Solutions Ltd	Technical Training Programme	6,787.50
West Limerick Resources – Newcastle West T.I.P	Training of Staff of Newcastle West Tourist Information Point	900.00
West Limerick Resources – Food Hygiene	Primary Food Hygiene Training Programme	1,180.00
		194,959.39

Beart	Tuairisc ar Tionscadal	Maoiniú
Oiliúint		
Ainm an Tionscadail		
West Limerick Resources – Oiliúint do Sholáthróirí B&B	Oiliúint i Sláinteachas Bia do Sholáthróirí B&B	2,426.60
Féilte Luimnigh Thiar	Seisiúin Oiliúna Éascaithe	1,760.00
Kathleen O' Shaughnessy	Dioplóma i bhForbairt Tuaithe	3,591.00
Clár Idirthréimhse Choláiste Hazelwood	Clár Oiliúna Thaithí Oibre	1,350.00
Grúpa Díospóireachta Talmhaíochta Pathfinders	Clár Oiliúna Forbartha Pearsanta	2,286.00
Oiliúint i Raidió Pobail	Clár Oiliúna na Meán & Cumarsáide d'Oibrithe Deonacha	40,000.00
An Líonra Mná i nGnó – An Caisleán Nua	Clár Forbartha Oiliúna Gréasáin	2,500.00
West Limerick Resources – Oiliúint i bhFuinneamh Inathnuaite	Cúrsaí Oiliúna d'Fheirmeoirí ar Fhuinneamh Inathnuaite	5,368.00
Grúpa Forbartha Gnó NCW	Seisiúin Oiliúna Grúpa chun NCW & Cumann Lucht Tráchtála Ceantair a fhorbairt	1,000.00
West Limerick Resources – Seimineár Turasóireachta Talmhaíochta	Seisiún Oiliúna Faisnéise ar Thurasóireacht Talmhaíochta	470.00
Comhairle Pobail Thobar Phádraig	Clár Oiliúna Éascaithe	5,000.00
West Limerick Resources Ltd – Raidió Pobail	Oiliúint do Chomhaltaí Boird Deonacha Raidió Pobail	20,000.00
Kevin Dore	Dioplóma i bhForbairt Tuaithe	3,920.00
West Limerick Resources – Oiliúint Turasóireachta	Oiliúint sa Mhargaíocht do Mhionfhiontair Turasóireachta	10,500.00
Eimear Kelly	Dioplóma i bhForbairt Tuaithe	5,600.00
Kathleen O' Shaughnessy	Céim i bhForbairt Tuaithe	2,240.00
Macra Na Feirme Castleside	Clár Oiliúna Forbartha Pearsanta	540.00
West Limerick Resources – Oiliúint Turasóireachta	Clár Oiliúna Turasóireachta d'Iontrálaithe Nua sa Tionscal Turasóireachta	16,200.00
West Limerick Resources – Oiliúint Raidió Pobail	Clár Oiliúna na Meán & Cumarsáide d'Oibrithe Deonacha	36,250.00
West Limerick Resources – Margaí Feirmeoirí	Oiliúint i bhForbairt Margaí Feirmeoirí	576.00
West Limerick Resources – Oiliúint Turasóireachta	Cúrsa Oiliúna ar Mhargaíocht Idirlín do Mhionfhiontair Turasóireachta	2,480.00
West Limerick Resources – Oiliúint Ionduchtaithe	Oiliúint d'Fhoirne Oifigí Turasóireachta /Phointe Eolais do Thurasóirí	800.00
West Limerick Resources – Clár Oiliúna don Óige	Clár Oiliúna Ealaíon Forbartha don Óige Eas Géitine	6,034.29
West Limerick Resources – Sláinteachas Bia	Cláir Oiliúna i Sláinteachas Bia Príomhúil	2,200.00
West Limerick Resources – Oiliúint Ghnó	Clár Oiliúna chun Gnó a Thosú	10,000.00
West Limerick Resources – Clár Oiliúna Turasóireachta	Clár Oiliúna i gCúram Custaiméirí	1,500.00
Caroline Rigney	Clár Oiliúna i dTáirgeadh Bia	1,500.00
Biomass Heating Solutions Ltd	Clár Oiliúna Teicniúil	6,787.50
West Limerick Resources – T.I.P An Chaisleáin Nua	Oiliúint a chur ar Fhoireann Phointe Eolais do Thurasóirí An Chaisleáin Nua	900.00
West Limerick Resources – Sláinteachas Bia	Cláir Oiliúna i Sláinteachas Bia Príomhúil	1,180.00
		194,959.39

Summary of Projects - National Rural Development Programme 2002-2006

Measure	Project Description	Funding
Analysis & Development		
Project Name		
Templeglantine Comhaltas Ceoltoiri Eireann	Development of prototype music book for National School Curriculum	7,500.00
Kilmeedy Dev. Group Ltd	Development Plan for Community Resource Centre	7,356.06
Croagh Community Council	Development Plan for Croagh Village	4,640.00
West Limerick Resources Ltd – Community Radio	Report on the technical requirements for West Limerick Community Radio	7,200.00
Joe Hogan	Feasibility Study on the Commercial Potential of Miscanthus	7,500.00
Newcastle West Community Centre	Technical Support for development of Community Centre	7,500.00
Tadhg Keating Coaches	Feasibility Study on the development of coach tours	1,150.00
Kileedy Community Group	Development Plan for Kileedy	3,200.00
NCW & District Chamber of Commerce	Development of a web-site	3,960.00
West Limerick Resources Ltd	Evaluation Report on the Development of the Community Radio	4,000.00
Desmond Ability Resource Complex	Plan for the operation of the Desmond Complex	4,860.00
West Limerick Resources Ltd	Review & Evaluation of the National Rural Development Programme	3,000.00
Chawke & Moran Ltd	Development of Prototype Product	7,500.00
Colman Deely	Development Plan for Composting Facility	2,000.00
Biomass Heating Solutions Ltd	Development of technical plans for new unit	7,500.00
Ballingarry Community Council	Environmental Plan for Ballingarry Town Park	2,240.00
Pathfinders Agricultural Discussion Group	Development Plan	3,200.00
Vincent Sheehan Gourmet Foods	Feasibility Study on the development of a food business	3,500.00
WLR – Review & Analysis of Activities	Programme Review	10,009.99
		97,816.05

Innovative Rural & Craft Enterprises & Local Services		
Project Name		
Inisross Wood Craft	Equipment for craft enterprise	2,621.01
Development of Business Networks in Newcastle West	Facilitation for the development of business networks	300.00
MC Events	Start-up marketing support	2,889.83
International Celtic School of Languages	Development of recreational facilities	64,459.00
Croagh School of Music – M Giltenane	Development of School of Music Facility	100,000.00
Jamie Sheehan – Decorative Glass	Workshop and equipment for craft enterprise	20,336.50
Ann Murphy Outside Catering Service	Development of Food Production Unit	15,917.50
Limerick Show 2005	Stand at Limerick Show to showcase local crafts	200.00
Michael O'Mahoney Kennels	Construction of Licenced Breeding Kennels	36,650.00
Tom & Dermot Fenton T/A Garden Zone	Development of web based garden centre	7,000.00
		250,373.84

Beart	Tuairisc ar Tionscadal	Maoiniú
Anailís & Forbairt		
Ainm an Tionscadail		
Comhaltas Ceoltóirí Éireann Theampall an Ghleanntáin	Leabhar ceoil fréamhshamhla a fhorbairt don Churaclam Náisiúnta Scoile	7,500.00
Kilmeedy Dev. Group Ltd	Plean Forbartha d'Ionad Acmhainní Pobail	7,356.06
Comhairle Pobail Chróch	Plean Forbartha do Shráidbhaile Chróch	4,640.00
West Limerick Resources Ltd – Raidió Pobail	Tuarascáil ar riachtanais teicniúla do Raidió Pobail Luimnigh Thiar	7,200.00
Joe Hogan	Staidéar Féidearthachta ar Phoitéinseal Tráchtála Miscanthus	7,500.00
Ionad Pobail An Chaisleáin Nua	Tacaíocht Teicniúil chun Ionad Pobail a fhorbairt	7,500.00
Tadhg Keating Coaches	Staidéar Féidearthachta ar thurais cóistí a fhorbairt	1,150.00
Grúpa Pobail Kileedy	Plean Forbartha do Kileedy	3,200.00
Cumann Lucht Tráchtála NCW & a Cheantair	Láithreán gréasáin a fhorbairt	3,960.00
West Limerick Resources Ltd	Tuarascáil Meastóireachta ar Fhorbairt an Raidió Phobail	4,000.00
Desmond Ability Resource Complex	Plean maidir le hoibriú an Desmond Complex	4,860.00
West Limerick Resources Ltd	Athbhreithniú & Meastóireacht ar an gClár Forbartha Tuaithe Náisiúnta	3,000.00
Chawke & Moran Ltd	Táirge Fréamhshamhla a Fhorbairt	7,500.00
Colman Deely	Plean Forbartha do Shaoráid Múirínithe	2,000.00
Biomass Heating Solutions Ltd	Pleananna teicniúla d'aonad nua a fhorbairt	7,500.00
Comhairle Pobail Bhaile an Gharraí	Plean Comhshaoil do Pháirc an Bhaile, Baile an Gharraí	2,240.00
Grúpa Díospóireachta Talmhaíochta Pathfinders	Plean Forbartha	3,200.00
Vincent Sheehan Gourmet Foods	Staidéar Féidearthachta ar ghnó bia a fhorbairt	3,500.00
WLR – Athbhreithniú & Anailís ar Ghníomhaíochtaí	Athbhreithniú Cláir	10,009.99
		97,816.05

Fiontair Tuaithe & Ceardaíochta Nuálacha & Seirbhísí Áitiúla		
Ainm an Tionscadail		
Inisross Wood Craft	Trealamh d'fhiontar ceardaíochta	2,621.01
Líonraí Gnó sa Chaisleán Nua a Fhorbairt	Éascaíocht maidir le líonraí gnó a fhorbairt	300.00
MC Events	Tacaíocht margaíochta ag an gcéim Tosaithe	2,889.83
International Celtic School of Languages	Saoráidí áineasa a fhorbairt	64,459.00
Croagh School of Music – M Giltenane	Saoráid Scoil Cheoil a fhorbairt	100,000.00
Jamie Sheehan – Decorative Glass	Ceardlann agus trealamh d'fhiontar ceardaíochta	20,336.50
Ann Murphy Outside Catering Service	Aonad Táirgthe Bia a Fhorbairt	15,917.50
Limerick Show 2005	Seastán ag an Limerick Show chun ceardaíocht áitiúil a thaispeáint	200.00
Michael O'Mahoney Kennels	Conchróite Póraithe Ceadúnaithe a thógáil	36,650.00
Tom & Dermot Fenton T/A Garden Zone	Ionad Gairdíní gréasán-bhunaithe a fhorbairt	7,000.00
		250,373.84

Summary of Projects - National Rural Development Programme 2002-2006

Measure	Project Description	Funding
Exploitation of Agriculture, Forestry & Fisheries Products		
Project Name		
Cahills Farmhouse Cheese	Development of purpose built cheese production facility	65,000.00
Joe Hogan	Development of dedusting and bagging facility for Miscanthus	21,388.00
Newcastle West Farmers Market	Support to Farmers Market	1,644.27
Curraghchase Free Range Pork	Development of Food Production Unit and Farm Shop	39,213.99
		127,246.26

Enhancement of the Natural, Built, Social & Cultural Environment		
Project Name		
Irish Coffee Festival – Foynes	Marketing support for festival	15,000.00
NCW Pipe Band	Facilitate hosting of South of Ireland Piobreachd Social Piping Recital	300.00
NCW Arts Festival	Support for local festival	3,000.00
Tournafulla Fleadh Cheoil	Support for local festival	3,000.00
Kilcornan Community Centre	Extension to Community Centre	37,649.41
Newcastle West Anti-Litter Group	Participation in Irish Business Against Litter Campaign	3,000.00
Askeaton Heritage & Tidy Towns	Enhancement of Town Park	4,147.04
Con Colbert Hall Athea	Extension to Community Centre	63,300.00
Mountcollins Feile Cheoil	Support for local festival	2,446.45
Ardagh Community Hall	Renovations to Community Hall	16,600.00
Knockaderry/Clouncagh Heritage Festival	Marketing costs of Festival	2,725.28
Abbeyfeale Historical Society	Development of Life & Lore CD Collection	4,275.00
Templeglantine Comhaltas Ceoltoiri Eireann	Development of Music Bank of traditional instruments	2,364.25
Fleadh by the Feale	Marketing costs of Festival	4,817.28
Fleadh Cheoil Luimni	Support for County Fleadh Cheoil	3,000.00
Croagh Community Council	Renovations to Parish Hall	32,654.40
Loughill Development Association	Construction of a Community Resource Centre	65,000.00
West Limerick Community Radio	Development of Community Radio Studios	100,000.00
Rathkeale Social Housing Association	Communal kitchen facilities for all Rathkeale based voluntary groups	11,400.00
Newcastle West & District Pipe Band	Upgrade of musical equipment	3,400.00
Athea Community Council	Construction of pedestrian bridge	62,207.00
Glin Development Association	Enhancement of Town Park	65,000.00
Newcastle West Community Council	Sculpture Project	10,000.00
Abbeyfeale & District Search & Rescue	Purchase of equipment	12,398.43
Foynes Community Council	Installation of a lift to improve accessibility	20,000.00
Adare Village Hall	Renovations to Parish Hall	65,000.00
Newcastle West Community Centre	Renovations to Community Centre	65,000.00
Carrigkerry Wrenboy Voluntary Group	Renovations to Rambling House	19,178.00
Ceol Ceobrai Community Hall – Glin	Improvement works to area around Community Hall	10,524.00
		707,386.54

